CEARTAIGH MAR IS CEART

le CCEA (Council for the Curriculum, Examinations and Assessment i dTuaisceart Éireann)

Rewarding Learning

An féidir leat measúnuithe scríofa Gaeilge a cheartú?
An bhfuil cónaí ort i bPoblacht na hÉireann agus an gá duit cur isteach ar uimhir Árachais Náisiúnta le bheith ábalta obair linn?

Is féidir cur isteach gan stró!

Is féidir leat cur isteach ar uimhir Árachais Náisiúnta ar líne ag **www.gov.uk/apply-national-insurance-number**

Má tá aon cheann de na doiciméid seo a leanas agat, bíodh siad ar aghaidh boise agat sula dtosaíonn tú:

- pas de chuid tír ar bith
- cead cónaithe bithmhéadrach (BRP)
- cárta aitheantais náisiúnta ó thír de chuid an AE.

Agus do chruthúnas céannachta cinntithe agat, is féidir go nglacfaidh sé suas le 16 lá oibre le d'uimhir Árachais Náisiúnta a fháil.

Tabhair do d'aire, le do thoil: Má tá cónaí ort in Éirinn agus é de cheart agat bheith ag obair sa Ríocht Aontaithe, is féidir leat cur isteach ar phost gan uimhir Árachais Náisiúnta a bheith agat roimh ré. Má ***iarrtar*** *d'uimhir Árachais Náisiúnta* ***ort*** *agus tú ag cur isteach ar phost, is leor de ghnáth a rá* ***nach bhfuarthas go fóill*** *í.*

Tacaíocht ar an teileafón

Bíonn an líne chabhrach le haghaidh iarratas ar uimhir Árachais Náisiúnta (Tuaisceart Éireann) oscailte ón Luan go dtí an Aoine, 9am go 4pm:
Teileafón: **0800 587 0024**
Téacsfón: **0800 587 0194.**

Ó thaobh amuigh den RA, is féidir leat scairt teileafóin a chur ar **0044 191 203 7010.**

Naisc úsáideacha

NI Direct
National Insurance Numbers

Border People
National Insurance Numbers

Border People
National Insurance Contributions

Sonraí teagmhála CCEA

Má bhíonn ceist ar bith agat le cur ar CCEA, cuir ríomhphost ar Paul nó ar Laura ónár bhfoireann Airgeadais – beidh siad in áit na garaíochta:
Paul Hancock: phancock@ccea.org.uk
Laura Kane: lkane@ccea.org.uk

EXAMINER RECRUITMENT